

An Bhruiséil, 20 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en)

14108/26

Comhad Idirinstitiúideach:
2026/0304(NLE)

ACP 94
FIN 1406
PTOM 38

GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar: CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis na rannfocaíochtaí airgeadais atá le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta mar an tríú tráthchuid le haghaidh 2026

CINNEADH (AE) 2026/... ÓN gCOMHAIRLE

an ...

**maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais atá le híoc
ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta mar an tríú tráthchuid le haghaidh 2026**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chomhaontú Inmheánach idir Ionadaithe Rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, agus iad le chéile i dtionól na Comhairle, maidir le maoiniú na cabhrach ón Aontas Eorpach faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh na tréimhse 2014 go 2020, i gcomhréir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE, agus maidir le leithdháileadh cúnaimh airgeadais do na Tíortha agus Críocha Thar Lear a bhfuil feidhm ag Cuid a Ceathair den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leo¹ ('an Chomhaontú Inmheánach'), agus go háirithe Airteagal 7(2), i gcomhar le hAirteagal 14(3), de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1877 ón gComhairle an 26 Samhain 2018 maidir leis an rialachán airgeadais is infheidhme i dtaca leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2015/323², agus go háirithe Airteagal 19(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

¹ IO L 210, 6.8.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_eums/2013/806/oj.

² IO L 307, 3.12.2018, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1877/oj>.

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Bunaítear an treoir ranníoca le haghaidh gach páirtí sa Chiste Eorpach Forbraíochta (CEF) le hAirteagal 1 den Chomhaontú Inmheánach.
- (2) I gcomhréir le hAirteagal 46 de Rialachán (AE) 2018/1877, tá an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) le meastacháin nuashonraithe ar ghealltanais agus íocaíochtaí faoi na hionstraimí a bhainistíonn sé a sheoladh chuig an gCoimisiún.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 19(5) de Rialachán (AE) 2018/1877, tá an Coimisiún le togra a thíolacadh faoin 10 Deireadh Fómhair 2026 lena sonrófar méid an tríú tráthchuid den ranníocaíocht le haghaidh 2026.
- (4) De bhun Airteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2018/1877, le glaonna ar ranníocaíochtaí, ídeofar ar dtús na méideanna dá bhforáiltear i CEFanna roimhe seo. Dá bhrí sin, ba cheart glao ar chistí a dhéanamh de bhun Rialachán (AE) 2018/1877 le haghaidh an Choimisiúin agus le haghaidh BEI.

- (5) Le Cinneadh (AE) 2025/2324 ón gComhairle³, socraítear méid bliantúil na ranníocaíochta atá le híoc ag na páirtithe sa CEF le haghaidh 2026 ag EUR 700 000 000 i gcás an Choimisiúin. D'iarr BEI a sciar uile den 11ú CEF leis an gcéad tráthchuid de 2025.
- (6) Chun go bhféadfar na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo a chur i bhfeidhm go pras, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

³ Cinneadh (AE) 2025/2324 ón gComhairle an 13 Samhain 2025 maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais a bheidh le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta chun an ciste sin a mhaoiniú, lena leagtar amach an uasteorainn do mhéid bliantúil na ranníocaíochta le haghaidh 2027, méid bliantúil na ranníocaíochta le haghaidh 2026, méid na chéad tráthchoda den ranníocaíocht le haghaidh 2026 agus réamhaisnéis tháscach neamhcheangailteach i dtaca leis na méideanna bliantúla a mheastar a bheidh sna ranníocaíochtaí le haghaidh 2028 agus 2029 (IO L, 2025/2324, 14.11.2025, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2324/oj>).

Airteagal 1

Méid na ranníocaíochtaí atá le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta (CEF) mar an tríú tráthchuid le haghaidh 2026, socraítear leis seo é ag EUR 150 000 000 i gcás an Choimisiúin.

Airteagal 2

Íocfaidh na páirtithe sa CEF an tríú tráthchuid dá ranníocaíochtaí aonair CEF le haghaidh 2026 leis an gCoimisiún i gcomhréir leis an Iarscríbhinn.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in/sa ..., ...

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

IARSCRÍBHINN

An tríú tráthchuid de Ranníocaíochtaí CEF le haghaidh 2026 (EUR) leis an gCoimisiún*

	NA BALLSTÁIT & RA	Treoir 11ú CEF %	3ú tráthchuid 2026 (EUR)
1	AN BHEILG	3.24927	4 873 905
2	AN BHULGÁIR	0.21853	327 795
3	AN tSEICIA	0.79745	1 196 175
4	AN DANMHAIRG	1.98045	2 970 675
5	AN GHEARMÁIN	20.57980	30 869 700
6	AN EASTÓIN	0.08635	129 525
7	ÉIRE	0.94006	1 410 090
8	AN GHRÉIG	1.50735	2 261 025
9	AN SPÁINN	7.93248	11 898 720
10	AN FHRAINIC	17.81269	26 719 035
11	AN CHRÓIT	0.22518	337 770
12	AN IODÁIL	12.53009	18 795 135
13	AN CHIPIR	0.11162	167 430
14	AN LAITVIA	0.11612	174 180
15	AN LIOTUÁIN	0.18077	271 155
16	LUCSAMBURG	0.25509	382 635
17	AN UNGÁIR	0.61456	921 840
18	MÁLTA	0.03801	57 015
19	AN ÍSILTÍR	4.77678	7 165 170

* Ghlaogh BEI a sciar uile den 11ú CEF in 2025.

	NA BALLSTÁIT & RA	Treoir 11ú CEF %	3ú tráthchuid 2026 (EUR)
20	AN OSTAIR	2.39757	3 596 355
21	AN PHOLAINN	2.00734	3 011 010
22	AN PHORTAINGÉIL	1.19679	1 795 185
23	AN RÓMÁIN	0.71815	1 077 225
24	AN tSLÓIVÉIN	0.22452	336 780
25	AN tSLÓVAIC	0.37616	564 240
26	AN FHIONLAINN	1.50909	2 263 635
27	AN tSUALAINN	2.93911	4 408 665
28	AN RÍOCHT AONTAITHE	14.67862	22 017 930
	IOMLÁN AE-27 & RA	100.00	150 000 000
